M91T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Gairmchlár na hArdteistiméireachta

### Nascmhodúil Scrúdú 2006

### DÉ CÉADAOIN, 3 BEALTAINE 2006, 10.00 R.N. – 12.30 I.N.

| SCRÚDUIMHIR |
|---|
| |

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca.**

Scríobh na freagraí go léir sa Fhreagarleabhar seo.

Tá **trí** roinn sa Scrúdú seo.

**Roinn A – Closamharc**

Tá **ocht** gceist ann.
Ní mór gach ceist a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn B – Cás-Staidéar**

Tá **trí** cheist ann.
Ní mór gach ceist a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn C – Ceisteanna Ginearálta**

Tá **sé** cheist ann.
Ní mór **ceithre** cheist a fhreagairt. **(100 marc)**

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

- Beidh **trí** nóiméad agat chun na ceisteanna i Roinn A a léamh.
- Feicfidh tú fístéip ar an téama *A Community Organisation*.
- Feicfidh tú an fhístéip trí huaire.
    * Feicfidh tú ó thosach deireadh ar dtús í.
    * Taispeánfar ansin í ina trí chuid. I ndiaidh gach cuid a thaispeáint tabharfar am duit do chuid freagraí a scríobh sa rannóg chuí den fhreagarleabhar.
    * Feicfidh tú an fhístéip iomlán ó thosach deireadh arís ansin.

Is féidir an leathanach seo a úsáid le haghaidh nótaí agus freagraí.

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

**Freagair gach ceist.**

**Cuid 1**

**Q.1** Cén fáth ar bunaíodh Cumann Naomh Uinseann de Pól?

**1 mharc**

**Q.2** Cén ról atá ag Columba, dar léi, mar Rúnaí Náisiúnta ar Chumann Naomh Uinseann de Pól?

**4 mharc**

**Q.3** Cé na foinsí ioncaim atá ag an gCumann?

**3 mharc**

**Cuid 2**

**Q.4** Cad é an obair a dhéanann an Cumann?

**4 mharc**

**Q.5** Déan cur síos ar ról Bhreandáin sa Chumann.

**4 mharc**

**Q.6** Cad iad na tréithí pearsanta atá tábhacht don ról, dar le Breandán?

**4 mharc**

**Cuid 3**

**Q.7** Cé mhéad duine atá ag obair don Chumann? Déan cur síos ar threocht **a bhaineann le hábhar**.

**Cé mhéad:**

**Treocht:**

**4 mharc**

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

**Q.8** Sonraigh trí threocht eile san fhíseán agus cuir in iúl cé na pleananna atá ag an gCumann do na 3 bliana atá ag teacht.

**Treochtaí:**

**Pleananna:**

**6 mharc**

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

## SOR Fostaíocht

Tar éis do Sheán Ó Raghallaigh an coláiste a fhágáil i 1995 agus céim aige sa Ghnó, chuaigh sé ag obair i mbanc mór agus d'oibrigh sé ann ar feadh sé bliana. Tugadh ardú céime dó gan mhoill go dtí an roinn Acmhainní Daonna agus bhí sé mar chúram air ansin foireann nua a fhostú don bhanc. Le linn na tréimhse seo d'éirigh le Seán oiliúint agus taithí mhaith a fháil ar réimse na hearcaíochta. Mheas sé go raibh borradh mór eile ag teacht ar eacnamaíocht na hÉireann agus go spreagfaí gnólachtaí chun líon a mball foirne a mhéadú agus bonn níos leithne a chur fúthu. Shocraigh sé go rachadh sé ag obair do féin agus áisíneacht earcaíochta dá chuid féin a bhunú. Mheas Seán go raibh mórán smaointe nua aige agus go mbeadh rath ar an ngnó seo faoina stiúir.

Nuair a bhí taighde cuimsitheach margaidh déanta aige, tháinig tuiscint níos soiléire do Sheán ar na dúshláin a bheadh roimhe. D'iarr sé cúnamh ar chomhlachtaí a chothaigh agus a chuir an fhiontraíocht chun cinn. Thairg siad tacaíocht agus comhairle dó maidir le cúrsaí airgeadais agus bainistíochta, agus le cúrsaí margaíochta, go háirithe. Mhol siad go mbeadh achoimre ar na réimsí seo san áireamh ina 'phlean gnó' chun cuidiú leis an gnó a bhí á mholadh aige a shonrú agus tacaíocht airgeadais a fháil. Chaith sé mórán ama leis an doiciméad seo a chur le chéile agus chuidigh sé leis iasacht shubstaintiúil a fháil ó bhanc.

Bhunaigh Seán a ghnó i bpáirc ghnó áitiúil, agus d'fhostaigh sé ceathrar ball foirne i dtús báire. D'infheistigh sé go trom i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide den chéad scoth. Tá Seán anois, ceithre bliana níos déanaí, i mbun gnó atá an-bhrabúsach agus tá ag éirí thar barr leis. Tá oifigí ar léas aige anois sa pháirc ghnó chéanna agus tá beirt is fiche fostaithe aige i mbun iarratais a scagadh agus iarrthóirí oiriúnacha a mholadh d'fhostóirí.

Ceapann Seán, áfach, go bhfuil an gnó ag brath ró-mhór ar an earcaíocht agus tá sé ag fiosrú deiseanna eile chun go mbeadh an gnólacht slán, sábháilte agus rafar sa bhfadtréimhse. Chuir iarratas a ó chomhlacht ilnáisiúnta dlús leis an athmhachnamh seo. D'iarr siad siúd go gcuirfeadh an gnólacht seirbhísí ar fáil dá gcuid áiseanna Taighde agus Forbartha ar scála domhanda.

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**Freagair gach ceist.**

**Q.1** Déan cur síos ar na cáilíochtaí/tréithe fiontraíochta a léiríonn Seán sa Chás-staidéar seo.

**6 mharc**

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**Q.2** Réitig Seán plean gnó agus é ag lorg na chéad iasachta ar an mbanc.

**(i)** Cén fáth a raibh sé tábhacht an taighde cuimsitheach margaidh a dhéanamh?

**3 mharc**

**(ii)** Déan cur síos ar an roinn den phlean sin a bhaineann leis an margaíocht. Bain úsáid as **trí** cheannteideal a bhaineann le hábhar.

**9 marc**

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**Q.3** Déan cur síos ar na deiseanna eile a d'fhéadfadh Seán a fhiosrú. Cad iad na himpleachtaí a bheadh ag **gach ceann** díobh sin don chuideachta?

**12 mharc**

| **Roinn C** | **Ceisteanna Ginearálta** | **100 marc** |
|---|---|---|

## INNEÁCS AGUS ACHOIMRE

Tá 6 cheist ar 25 mharc an ceann sa Roinn C seo agus ba chóir duit ceithre cinn ar bith a fhreagairt. Chun cuidiú leat na ceisteanna a roghnú agus a aimsiú le freagairt, is é seo a leanas téacs na sé cheist ar fad agus réimse uimhreacha na leathanach do gach ceann díobh. Freagair do rogha féin ceisteanna ar na leathanaigh chuí a leanas sa leabhrán.

**Q.1 Tá fógra poist leagtha amach.** **Lgh 14-16**
- (a) Mínigh 'mianach na fiontraíochta' **agus** 'comhdheiseanna'.
- (b) Rianaigh **trí** mhodh eile trínar féidir folúntais fostaíochta a fhógairt.
- (c) Déan cur síos ar **thrí** bhealach ina ndéanfá ullmhúchán d'agallamh do phost.
- (d) Freagra ar cheist shonrach a chuirfí ort ag an agallamh.

**Q.2 'Gné thábhachtach d'ionad oibre an lae inniú é an comhoibriú foirne.'** **Lgh 17-19**
- (a) Rianaigh gníomhaíocht Ghairmchláir ina raibh tú páirteach mar bhall foirne **agus** luaigh an ról a bhí agat.
- (b) Sonraigh **trí** bhuntáiste a bhain le hobair foirne sa ghníomhaíocht seo.
- (c) Luaigh na tréithe a dhéanann ball maith foirne de dhuine.
- (d) Déan cur síos ar **thrí** bhealach inar féidir le foireann a feidhmíocht mar ghrúpa a luacháil.

**Q.3 Mar chuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta iarrtar ort dul i mbun taithí oibre/scáthfhoghlaim i bhfianaise do mhianta gairmiúla.** **Lgh 20-22**
- (a) Ainmnigh an ghairm seo **agus** luaigh **dhá** scil/cháilíocht is gá chuici.
- (b) Mínigh **trí** bhuntáiste duitse a bhain le bheith páirteach i dtaithí oibre/scáthfhoghlaim.
- (c) Rianaigh conas a phleanáil tú **agus** a d'eagraigh tú tú féin don taithí oibre/scáthfhoghlaim.
- (d) Sonraigh **agus** mínigh **trí** dhualgas atá ar fhostóirí maidir le Sláinte, Sábháilteacht agus Leas a gcuid fostaithe le linn na hoibre.

**Q.4 Tá beartaithe ag do Ghrúpa Nascmhodúl comórtas sacair '5 an taobh' a eagrú sa scoil.** **Lgh 23-25**
- (a) Leag amach an *clár gnó* don chéad chruinniú den ghrúpa.
- (b) Cuir le chéile na *miontuairiscí* den chéad chruinniú sin.
- (c) Leag amach an chuid de do phlean gníomhaíochta a bhaineann le reáchtáil na gníomhaíochta seo.
- (d) Conas a dhéanfá luacháil ar an gcaoi ar éirigh leis an ngníomhaíocht seo?

**Q.5 'Gné thábhachtach den fhiontar maith í an phleanáil airgeadas.'** **Lgh 26-28**
- (a) Ainmnigh fiontar **agus** rianaigh **dhá** fhoinse airgeadais a úsáidtear mar thacaíocht leis.
- (b) Mínigh an tábhacht a bhaineann le pleanáil airgeadais a dhéanamh don fhiontar.
- (c) Déan plé ar **thrí** bhealach ar chabhraigh an ghníomhaíocht leat mar scolaire.
- (d) Déan cur síos ar **cheithre** bhealach ina bhféadfaí an fiontar seo a luacháil.

**Q.6 'Tá sé socraithe ag do rang cuairt ag cainteoir cuí ó Fhiontar Gnó áitiúil a eagrú/phleanáil.'** **Lgh 29-31**
- (a) Liostaigh **ceithre** chuspóir a bheadh ag do rang don chuairt seo.
- (b) Cad iad na céimeanna is cóir a ghlacadh chun an chuairt seo a eagrú **agus** a chur i gcrích go héifeachtach?
- (c) Déan cur síos ar **cheithre** bhealach ina mbaineann an pobal áitiúil leas as an bhfiontar gnó seo.
- (d) Ainmnigh **trí** ábhar Ardteistiméireachta, seachas na Nascmhodúil, a bhfuil do ghrúpa ag déanamh staidéir orthu agus luaigh conas a bhí **gach ceann** úsaideach in eagrú/pleanáil na cuairte **seo** agus an tslí ar chabhraigh an ghníomhaíocht i ngach ábhar.

**Q.1**

**POST AR FÁIL**
Do dhuine óg a bhfuil mianach na fiontraíochta ann/inti
chun dul i bpáirt le foireann Díolacháin agus Margaíochta
i gcomhlacht nua teileachumarsáide.

Seol iarratas mar aon le Curriculum Vitae chuig:
An Bainisteoir Pearsanra
Fiontair Uí Chaoimh
Aonad 2, Pairc Ghnó Chois Uisce
Ros Mhic Thriúin,
Contae Loch Garman.

Teileafón: 053 123456. Ríomhphost:ocaoimh@eir.ie

Fostóir comhdheiseanna é Fiontair Uí Chaoimh

Déan staidéar ar an bhfógra nuachtáin thuas agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(a) Mínigh na focail a bhfuil líne fúthu.

mianach na fiontraíochta: ____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

**2 mharc**

comhdheiseanna: ____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

**2 mharc**

(b) Rianaigh **trí** mhodh eile trínar féidir folúntais fostaíochta a fhógairt.

(i) ____________________

____________________

(ii) ____________________

____________________

(iii) ____________________

____________________

**6 mharc**

(c) Déan cur síos ar **thrí** bhealach ina ndéanfá ullmhúchán d'agallamh do phost.

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

**6 mharc**

(d) Fiafraíonn duine ar an mbord agallaimh díot "Cén fáth ar chóir dúinn an post seo a thairiscint duitse?" Cén freagra a thabharfá ar an gceist sin? Tabhair cuiseanna leis na freagraí.

**9 marc**

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**Q.2 'Gné thábhachtach d'ionad oibre an lae inniú é an comhoibriú foirne.'**

(a) Rianaigh gníomhaíocht Ghairmchláir ina raibh tú páirteach mar bhall foirne agus luaigh an ról a bhí agat.

**4 mharc**

(b) Sonraigh **trí** bhuntáiste a bhain le hobair foirne sa ghníomhaíocht.

(i)

(ii)

(iii)

**6 mharc**

(c) Luaigh na tréithe a dhéanann ball maith foirne de dhuine.

**6 mharc**

(d) Déan cur síos ar **thrí** bhealach inar féidir le foireann a feidhmíocht mar ghrúpa a luacháil.

**9 mharc**

**Q.3 'Mar chuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta iarrtar ort dul i mbun taithí oibre/scáthfhoghlaim i bhfianaise do mhianta gairmiúla.'**

(a) Ainmnigh an ghairm seo **agus** luaigh **dhá** scil/cháilíocht is gá chuici.

**3 mharc**

(b) Mínigh **trí** bhuntáiste duitse a bhain le bheith páirteach i dtaithí oibre/scáthfhoghlaim.

**6 mharc**

(c) Rianaigh conas a phleanáil tú **agus** a d'eagraigh tú tú féin don taithí oibre/scáthfhoghlaim.

**7 mharc**

(d) Sonraigh **agus** mínigh **trí** dhualgas atá ar fhostóirí maidir le Sláinte, Sábháilteacht agus Leas a gcuid fostaithe le linn na hoibre.

**9 mharc**

**Q.4 'Tá beartaithe ag do Ghrúpa Nascmhodúl comórtas sacair '5 an taobh' a eagrú sa scoil.'**

(a) Leag amach an *clár gnó* don chéad chruinniú den ghrúpa.

**5 mharc**

(b) Cuir le chéile na *miontuairiscí* den chéad chruinniú sin.

**6 mharc**

(c) Leag amach an chuid de do phlean gníomhaíochta a bhaineann le reáchtáil na gníomhaíochta seo.

**8 mharc**

(d) Conas a dhéanfá luacháil ar an gcaoi ar éirigh leis an ngníomhaíocht seo?

**6 mharc**

**Q.5 ‘Gné thábhachtach den fhiontar maith í an phleanáil airgeadas’.**

(a)

(i) Ainmnigh gníomhaíocht fiontraíochta a raibh tú páirteach inti.

**1 mharc**

(ii) Rianaigh **dhá** fhoinse airgeadais a d’úsáid tú mar thacaíocht leis an ngníomhaíocht fiontraíochta seo.

**4 mharc**

(b) Mínigh an tábhacht a bhaineann le pleanáil airgeadais a dhéanamh don fhiontar seo.

**6 mharc**

(c) Déan plé ar **thrí** bhealach ar chabhraigh an ghníomhaíocht leat mar scolaire.

(i)

(ii)

(iii)

**6 mharc**

(d) Déan cur síos ar **cheithre** bhealach ina bhféadfaí an fiontar seo a luacháil.

(i)

(ii)

(iii)

(iv)

**8 mharc**

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**Q.6** **'Tá sé socraithe ag do rang cuairt ag cainteoir cuí ó Fhiontar Gnó áitiúil a eagrú/phleanáil.'**

(a) Liostaigh **ceithre** chuspóir a bheadh ag do rang don chuairt seo..

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |
| (iii) |
| |
| (iv) |
| **4 mharc** |

(b) Cad iad na céimeanna is cóir a ghlacadh chun an chuairt seo a eagrú **agus** a chur i gcrích go héifeachtach?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **4 mharc** |

(c) Déan cur síos ar **cheithre** bhealach ina mbaineann an pobal áitiúil leas as an bhfiontar gnó seo.

**8 mharc**

(d) Ainmnigh **trí** ábhar Ardteistiméireachta, seachas na Nascmhodúil, a bhfuil do ghrúpa ag déanamh staidéir orthu agus luaigh conas a bhí **gach ceann** úsáideach in eagrú/pleanáil na cuairte **seo** agus an tslí a chabhraigh an ghníomhaíocht leat i ngach ábhar.

**9 mharc**

# Don Scrúdaitheoir amháin
# Páipéar Scríofa

| | Marcanna a Bronnadh |
|---|---|
| **Roinn A** | |
| **Roinn B** | |
| **Roinn C** | |
| **C.1** | |
| **C.2** | |
| **C.3** | |
| **C.4** | |
| **C.5** | |
| **C.6** | |
| **Ollmharc** | |
| **Bónas** | |
| **Móriomlán** | |

| | |
|---|---|
| 1. Suim na n-iomlán ó bhun na leathanach. | |
| 2. Móriomlán na ceiste/gceisteanna nár ceadaíodh. | |
| 3. An tOllmharc a bronnadh (1 lúide 2) | |
| 4. Bónas don fhreagairt trí mheán na Gaeilge. | |
| 5. Marc móriomlán (3 + 4). | |
| **Nóta**: Ní mór don mharc ar líne 5 a bheith cothrom leis an marc sa bhosca Móriomlán ar an script. | |

# Measúnú Fillteáin

| | Marcanna a Bronnadh |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **7** | |
| **8** | |
| **Ollmharc** | |

| | |
|---|---|
| 1. Suim na n-iomlán | |
| 2. Móriomlán na freagra/freagraí nár ceadaíodh | |
| 3. An tOllmharc a bronnadh (1 lúide 2) | |